



Coláiste Aonad Bainistíochta	Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD
Scoil Aonad	UCD Ar Fud na Cruinne
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair	Oifigeach Comhghuaillíochta Domhanda & Líonraí
Tréimhse an Phoist	Sealadach, 5 bliana
Grád	Oifigeach Riaracháin I
Scála Tuarastail	€53, 876 - €72,929 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2026-07-049
Bainisteoir Líne	Bainisteoir Líonraí Domhanda & Tionscadail (nó ainmní)
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019990
Riarthóir Acmhainní Daonna	Natalia McDonagh
Costais Athlonnaithe	Ní bhaineann
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	Ní bhaineann
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	Níl

Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí dhomhanda na hollscoile ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, i mac léinn idirnáisiúnta a earcú agus a thacú, i dteacht agus imeacht foirne agus mac léinn agus sna gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn.

Trí chaidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara seachtracha, feidhmíonn UCD Ar Fud na Cruinne sa spás ina n-idirghníomhaíonn an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta le chéile. Tacaíonn sí le ceannairí na hollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sí le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Agus iad ag tuairisciú don Bhainisteoir Líonraí Domhanda & Tionscadail, cinnteoidh an tOifigeach Comhghuaillíochta Domhanda & Líonraí go seachadfar seirbhís an-solúbtha, fhreagrúil agus éifeachtach do na geallsealbhóirí uile, Tacaíonn an post seo le rannpháirtíocht ghníomhach UCD i gComhghuaillíocht Ollscoileanna Eorpacha Una Europa agus i líonraí domhanda tábhachtacha eile, lena n-áirítear Universitas 21.